Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14450/21**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0414(COD)**

**SOC 704**
**EMPL 549**
**MI 937**
**DATAPROTECT 289**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 397 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR A ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 397 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 397 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2021
SWD(2021) 397 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**Maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin**

{COM(2021) 762 final} - {SEC(2021) 581 final} - {SWD(2021) 395 final} - {SWD(2021) 396 final}

## A. An gá atá le beart ar leibhéal an Aontais

### Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Bíonn drochdhálaí oibre agus rochtain neamhleor ar chosaint shóisialta ag cuid de na daoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha. I mórchuid cásanna, baineann sé sin le daoine atá féinfhostaithe go bréagach, i.e. daoine a bhfuil a stádas fostaíochta mí-aicmithe. Daoine mí-aicmithe a oibríonn trí ardáin den chineál sin, níl na cearta ná an chosaint acu a chuirtear ar fáil d'oibrithe leis an dlí náisiúnta agus le *acquis* an Aontais a bhaineann le cúrsaí saothair, ná níl an neamhspleáchas ná an seasamh níos láidre acu sa mhargadh saothair atá ag roinnt daoine atá fíor-fhéinfhostaithe. Meastar go n-oibríonn thart ar 28 milliún duine trí ardáin san Aontas. Creidtear go bhfuil 22.5 milliún de na daoine sin aicmithe mar is ceart, bíodh sin mar oibrithe nó mar dhaoine féinfhostaithe (agus a bhformhór mór acu aicmithe mar dhaoine féinfhostaithe). D'fhéadfadh 5.5 milliún den 28 milliún duine atá i gceist ar an iomlán a bheith i mbaol a mí-aicmithe, áfach. Bhí mí-aicmiú an stádais fostaíochta san obair ardáin ina ábhar do bhreis agus 100 cinneadh cúirte agus 15 chinneadh riaracháin ar fud an Aontais.

Bíonn daoine áirithe faoi mhéid áirithe smachta ag na hardáin a n-oibríonn siad tríothu, ardáin a úsáideann algartaim chun tascanna a shannadh, chun faireachán, maoirsiú agus meastóireacht a dhéanamh, agus chun teacht ar chonclúidí lena mbaineann frithiarmhairtí do na daoine sin. D'fhéadfadh an 'bainistiú algartamach' sin tionchar diúltach a imirt ar roinnt dá ndálaí oibre agus ar an mbaol go ndéanfaí iad a mhí-aicmiú, toisc gur féidir leis an gcineál bainistithe sin an íochtaránacht a chur faoi cheilt taobh thiar de shocruithe digiteacha casta. Is gá go dtuigfidh daoine a oibríonn trí ardáin an chaoi a mbíonn tionchar ag a n-iompraíocht ar rochtain ar dheiseanna taisc a bheidh acu amach anseo, rochtain a chinntear de thoradh na n-algartam. Bíonn impleachtaí ag rochtain ar thascanna dá n-ioncam, gan beann ar a stádas fostaíochta. Dá bhrí sin, is ábhartha d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a oibríonn trí ardáin araon iad dúshláin an bhainistithe algartamaigh.

Bíonn tionchar ar dhálaí oibre agus ar rochtain ar chosaint shóisialta freisin ag deacrachtaí maidir leis na hoibleagáidí atá ann cheana a fhorfheidhmiú, deacrachtaí mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le trédhearcacht agus inrianaitheacht obair ardáin, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann. Bíonn deacrachtaí ag údaráis náisiúnta sonraí maidir le hardáin agus le daoine a oibríonn tríothu, maille le sonraí maidir le téarmaí agus coinníollacha ardán, a rochtain. Is ábhartha iad saincheisteanna inrianaitheachta go háirithe i gcás ina bhfeidhmíonn ardáin thar theorainneacha i roinnt Ballstát, rud a fhágann nach léir cá háit a ndéantar obair ardáin agus cé a dhéanann í. Ba cheart seo a dhéanamh d'fhonn feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil, chun cothrom iomaíochta a thabhairt d'ardáin saothair dhigiteacha agus do sholáthraithe seirbhísí as líne agus chun tacú le fás inbhuanaithe na n-ardán saothair digiteach san Aontas.

### Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is é is cuspóir ginearálta don tionscnamh seo feabhas a chur ar dhálaí oibre agus cearta sóisialta na ndaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, lena n-áirítear d'fhonn tacú leis na dálaí maidir le fás inbhuanaithe na n-ardán saothair digiteach san Aontas. Go sonrach, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh i) a áirithiú go mbeidh an stádas ceart dlíthiúil fostaíochta ag daoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha i bhfianaise an chaidrimh iarbhír atá acu le hardáin den chineál sin – sin nó go bhféadfaidh siad an stádas sin a fháil – agus a áirithiú go

bhféadfaidh siad rochtain a fháil ar na cearta saothair agus cosanta sóisialta is infheidhme; ii) cothroime, trédhearcacht agus cuntasacht i mbainistiú algartamach a áirithiú i gcomhthéacs na hoibre ardáin; agus iii) cur leis an trédhearcacht, leis an inrianaitheacht, agus leis an bhfeasacht ar fhorbairtí ar an obair ardáin agus feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na rialacha is infheidhme le haghaidh gach duine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, lena n-áirítear na hardáin sin a fheidhmíonn thar theorainneacha.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Is gá beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun príomhchuspóirí an Aontais atá bunaithe ar na Conarthaí a bhaint amach, is iad sin fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus dul chun cinn sóisialta a chur chun cinn (Airteagal 3 CAE). Ní féidir ach le tionscnamh ar leibhéal an Aontais rialacha comhchoiteanna a leagan amach maidir leis an gcaoi chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go ndéanfaí an stádas fostaíochta a mhí-aicmiú, rialacha is infheidhme maidir le gach ardán ábhartha a fheidhmíonn san Aontas, sin agus ilroinnt a chosc sna cuir chuige rialála atá ann cheana agus atá le teacht maidir le bainistiú algartamach agus aghaidh a thabhairt ar ghné thrasteorann na hoibre ardáin an tráth céanna.

## B. Roghanna beartais

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Cén fáth?**

Rinneadh trí réimse beartais a mheas sa mheasúnú tionchair (A – aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe, B – saincheisteanna a bhaineann le bainistiú algartamach, agus C – saincheisteanna a bhaineann le forfheidhmiú, inrianaitheacht agus trédhearcacht, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann), réimsí a thugann aghaidh, nuair a chuirtear le chéile iad, ar na dúshláin a sainaithníodh. Laistigh de na réimsí beartais sin, bhí na roghanna beartais a ndearnadh scrúdú orthu éagsúil óna chéile ó thaobh a raon feidhme pearsanta agus/nó ábhartha de. Roghanna maidir le coincheap an oibreora a shainmhíniú, an tríú stádas fostaíochta a bhunú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, nó toimhde fostaíochta ‘neamh-infhrisnéise’ a thabhairt isteach, cuireadh na roghanna sin i leataobh go luath sa phróiseas.

Faoi Réimse Beartais A (aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe), is é an rogha thosaíochta **toimhde infhrisnéise atá teoranta do na hardáin sin a fheidhmíonn méid áirithe smachta**. Áirítear freisin sa rogha seo **aistriú maidir leis an dualga**s **cruthúnais**: má ghníomhachtaítear an toimhde, i gcás ina ndéantar agóid ina haghaidh, is ar na hardáin a mheastar a bheith ina bhfostóirí atá sé a mhalairt a chruthú. Faoi Réimse Beartais B (bainistiú algartamach) is é an rogha tosaíochta pacáiste um chearta maidir le trédhearcacht, comhairliúchán, formhaoirseacht dhaonna agus sásamh le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe araon. Faoi Réimse Beartais C (forfheidhmiú, trédhearcacht agus inrianaitheacht, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann), is é an rogha tosaíochta soiléiriú ar an oibleagáid go ndearbhófaí obair ardáin, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, a chomhcheangal le dualgas ar ardáin faisnéis a fhoilsiú maidir lena dTéarmaí agus Coinníollacha, an líon daoine a oibríonn tríothu, a stádas fostaíochta, a gcumhdach cosanta sóisialta agus sonraí ábhartha eile.

Ó thaobh an rogha ionstraime dlí de, Treoir a bheadh mar bhunchloch ag an bpacáiste. Meastar gurb í Treoir an ionstraim is oiriúnaí, is comhréirí agus is éifeachtaí chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Déantar foráil inti maidir le híoscheanglais cheangailteacha, agus fágann sí go bhféadfadh na Ballstáit oiriúnú do na comhthéacsanna náisiúnta sonracha.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Faigheann an rogha thosaíochta faoi Réimsí Beartais A agus B tacaíocht ó cheardchumainn agus ionadaithe daoine a oibríonn trí ardáin, agus ó an-chuid ionadaithe ar údaráis náisiúnta agus ardán áirithe. Ba lú an aird a thug formhór na bpáirtithe leasmhara ar roghanna faoi Réimse Beartais C. Tacaíonn ceardchumainn le feabhas a chur ar thrédhearcacht agus inrianaitheacht na hoibre ardáin thar theorainneacha. Tacaíonn ionadaithe ar údaráis náisiúnta le dualgas ar ardáin faisnéis áirithe a fhoilsiú, má bhíonn sé teoranta d'ardáin os cionn méid áirithe. Tacaíonn eagraíochtaí fostóirí leis an ngá aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe, cé go gcreideann siad gur cheart é sin a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta. Tá siad ar comhaigne gur gá breis trédhearcachta a bheith ann maidir le bainistiú algartamach agus chuir siad in iúl go láidir gur cheart rialacháin atá ann cheana a chur san áireamh chuige sin. Tá an pacáiste rogha tosaíochta i gcomhréir leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le dálaí oibre cothroma, cearta agus cosaint shóisialta d'oibrithe ardáin (2019/2186(INI)).

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta?**

De thoradh beart chun aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe (Réimse Beartais A), tá coinne leis go ndéanfar idir 1.7 milliún agus 4.1 milliún duine a athaicmiú mar oibrithe. Thabharfadh sin rochtain dóibh ar na cearta agus ar an gcosaint a chuirtear ar fáil leis an dlí náisiúnta agus le *acquis* an Aontais a bhaineann le cúrsaí saothair. D'fhéadfadh méadú suas le EUR 484 mhilliún in aghaidh na bliana teacht ar thuilleamh daoine a oibríonn trí ardáin. D'fhéadfadh dálaí oibre feabhsaithe a bheith ag 28 milliún duine de thoradh cearta nua a bhaineann le bainistiú algartamach san obair ardáin (Réimse Beartais B). Leis an oibleagáid go ndearbhófaí obair ardáin agus na ceanglais foilseacháin (an teaglaim thosaíochta de roghanna faoi Réimse Beartais C), cuirfear feabhas (go hindíreach) ar dhálaí oibre, ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar an trédhearcacht ghnó.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta?**

D'fhéadfadh beart chun aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe (Réimse Beartais A) a bheith ina chúis le costais mhéadaithe idir EUR 1.9 billiún agus EUR 4.5 billiún in aghaidh na bliana le haghaidh ardán. D'fhéadfadh cuid de na costais sin a bheith ar ghnólachtaí a bhraitheann ar na hardáin sin agus ar thomhaltóirí, má chinneann ardáin iad a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe, agus más ea, an chaoi a ndéanfaí é sin. Le cearta nua a bhaineann le bainistiú algartamach (Réimse Beartais B), chomh maith leis an teaglaim thosaíochta de roghanna maidir le forfheidhmiú, trédhearcacht agus inrianaitheacht (Réimse Beartais C), tugtar costais fíorbheaga nó costais ísle le fios.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí agus do FBManna?**

Fuarthas amach le meastacháin choimeádacha go bhfuil breis agus 500 ardán gníomhach – agus a bhformhór acu ar an láthair – i mbun oibre san Aontas. Is FBManna iad thart ar 360

díobh. D’fhéadfadh FBManna a bheith faoi mhíbhuntáiste éagórach san iomaíocht le hardáin níos mó agus dá bhrí sin, tá coinne leis go mbainfidh siad tairbhe as cothrom iomaíochta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh beart chun aghaidh a thabhairt ar bhaol an mhí-aicmithe ina chúis le hioncaim mhéadaithe suas le EUR 4 mbilliún in aghaidh na bliana le haghaidh Ballstát (i bhfoirm ranníocaíochtaí cosanta sóisialta agus cánach).

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Níl coinne le tionchar suntasach eile.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Dhéanfaí meastóireacht ar an Treoir 5 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm. Chuirfí san áireamh leis sin tréimhse 2 bhliain le haghaidh a trasuí ag na Ballstáit.